Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití Tuarascáil Chomhairliúcháin 2023

Cuid 1

Forléargas agus Moltaí

Comhairliúchán a rinne

H2 Learning

thar ceann na Roinne Oideachais

agus na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Samhain 2023

Clár na nÁbhar

1. Achoimre Fheidhmeach 2

2. Réamhrá 4

2.1 An próiseas comhairliúcháin a shocrú i gcomhthéacs 4

2.3 An chéim thaighde agus an próiseas comhairliúcháin 7

3. Léargais agus Moltaí 10

3.1 Tuismitheoirí agus Pobail a Chumasú chun Tacú le Forbairt LULD Leanaí 10

3.2 Tacú le Cleachtas Gairmiúil agus Ceannaireacht 13

3.3 An Curaclam agus an tEispéireas Foghlama a Fheabhsú 16

3.4 Tacaíocht a Thabhairt d'Fhoghlaimeoirí Éagsúla chun a gCumas a Bhaint Amach 19

3.5 Measúnú agus Meastóireacht a Fheabhsú chun Tacú le Foghlaim Níos Fearr 21

3.6 Litearthacht Dhigiteach 23

1. Achoimre Fheidhmeach

Tá sé mar uaillmhian ag Rialtas na hÉireann gur cheart go mbeadh na scileanna riachtanacha litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití ag gach leanbh agus duine óg in Éirinn chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí. Tá na scileanna sin ríthábhachtach do chumas duine chun forbairt go hiomlán mar dhuine aonair agus saol sásúil fiúntach a chaitheamh.

In 2011, thug an Roinn Oideachais in Éirinn an Straitéis Náisiúnta isteach: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol (2011-2020). Dearadh é sin lena chinntiú go mbeadh scileanna riachtanacha litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití (LULD) ag gach leanbh agus duine óg in Éirinn, scileanna atá ríthábhachtach dá rannpháirtíocht iomlán agus ghníomhach sa tsochaí. Ba é an aidhm uileghabhálach caighdeáin a ardú sna réimsí sin ar fud suíomhanna luathfhoghlama, bunscoile agus iar-bhunscoile faoi 2020.

Tá athrú tagtha ar thírdhreach an oideachais agus na riachtanas sochaíoch, agus aithníonn an Rialtas a thábhachtaí atá sé fanacht ábhartha agus solúbtha tráth an athraithe agus, ar an gcaoi sin, thug sé faoin straitéis atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta ionas go mbeadh sí oiriúnach don fheidhm. Thug an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin chun treo na straitéise nua a mheasúnú agus a bheachtú. Cuireadh tús leis an bpróiseas sin nuair a foilsíodh Plépháipéar i mí na Nollag 2022, inar leagadh amach an próiseas comhairliúcháin a tharla thar roinnt míonna agus a raibh imeacht le páirtithe leasmhara i mí na Bealtaine 2023 mar thoradh air. Le linn an phróisis chomhairliúcháin, bailíodh léargais agus aiseolas ríthábhachtach ó raon leathan páirtithe leasmhara agus páirtithe leasmhara chun straitéis chomharba a mhúnlú tuilleadh. Déanann an tuarascáil seo na léargais, an t-aiseolas agus na moltaí a rinne na daoine a ghlac páirt ag gach céim den phróiseas comhairliúcháin a thiomsú, a achoimriú agus a chur i láthair.

Aithnítear go forleathan go bhfuil ról lárnach ag tuismitheoirí agus ag pobail i bhforbairt oideachasúil leanaí. Leagadh béim i gcéim an chomhairliúcháin ar an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí idir tuismitheoirí, teaghlaigh agus institiúidí oideachais chun forbairt linbh a chothú ó bhreith agus ar fud an chórais oideachais, ó fhoghlaim agus cúram na luath-óige (FCLÓ) go dtí an iar-bhunscoil, nuair a ghlacann tuismitheoirí páirt ghníomhach agus nuair a chruthaíonn siad timpeallachtaí dearfacha foghlama sa bhaile, cuirtear feabhas suntasach ar thorthaí foghlama leanaí sa teanga, sa litearthacht agus sa litearthacht dhigiteach. Agus daonra

na hÉireann atá ag athrú á aithint, ní mór don straitéis chomharba cuimsiú a chothú agus freastal ar chúlraí éagsúla teanga agus ilteangachas a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin a chinntiú go ndéanfar gach páirtí leasmhar, go háirithe iad siúd a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu, a mheas agus go dtacófar leo.

Aithnítear go bhfuil múinteoirí agus oideoirí luathbhlianta ríthábhachtach chun eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a mhúnlú, i réimsí na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Cuireadh i dtábhacht go bhfuil forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) riachtanach chun a chinntiú go bhfuil na hinniúlachtaí agus an mhuinín ag oideoirí chun torthaí foghlama LULD a fheabhsú. Iarradh réimse tacaíochtaí FGL a chur ar fáil d'oideoirí atá curtha in oiriúint do róil agus do chomhthéacsanna éagsúla laistigh den oideachas. Measadh go raibh ról lárnach ag príomhoidí agus ag bainisteoirí FCLÓ maidir le timpeallachtaí tacúla a chothú a chuir ar chumas foghlaimeoirí na príomhinniúlachtaí sin a fhorbairt.

Thug rannpháirtithe faoi deara go mbeidh sé tábhachtach curaclam agus eispéireas foghlama gach foghlaimeora a fheabhsú go leanúnach, maidir le LULD. Tá an gá le comhoibriú a chur chun cinn laistigh de na suíomhanna atá ann cheana agus eatarthu (i.e. FCLÓ, Bunscoil agus Iar-bhunscoil) tábhachtach ó thaobh leanúnachas cur chuige de.

Leagadh béim sna comhairliúcháin ar an éagsúlacht atá inár gcóras oideachais agus, dá bhrí sin, chun acmhainneacht iomlán foghlaimeoirí éagsúla a chothú, tá gá le cur chuige ilghnéitheach i leith na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Iarradh straitéisí lena n-aithneofaí na dúshláin uathúla atá roimh dhaoine a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu agus roimh leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus lena dtabharfaí aghaidh orthu siúd. Ba cheart go mbeadh straitéisí den sórt sin fadréimseach agus, nuair is féidir, go nglacfaidís sainmhínithe atá freagrúil ó thaobh cultúir de agus modhanna cuimsitheacha cur chun feidhme d'fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta, lena leathnófaí tacaíochtaí go háirithe do na foghlaimeoirí sin a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) acu agus dóibh siúd i scoileanna CDSISI (DEIS). Moladh go bhféadfadh tacaíocht aonair mhéadaithe agus straitéisí saincheaptha do leanaí faoi mhíchumas, agus do leanaí ó phobail an Lucht Siúil agus na Romach, cabhrú lena chinntiú gur féidir le gach foghlaimeoir a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus saol neamhspleách, lánsásta a chaitheamh.

Is féidir le sonraí measúnaithe agus meastóireachta bunús a sholáthar le haghaidh eispéiris foghlama ardcháilíochta agus bonn eolais a chur faoi fheabhsú deiseanna foghlama, rud a chuidíonn le dul chun cinn gach foghlaimeora. Leagadh béim sna moltaí ar a thábhachtaí atá sé tacú le hoideoirí cinntí sonraíbhunaithe a dhéanamh maidir le straitéisí LULD, agus úsáid á baint

as modhanna measúnaithe éagsúla atá curtha in oiriúint do chéimeanna foghlaimeoirí. Le húsáid fheabhsaithe teicnící faireacháin sonraíbhunaithe, uirlisí diagnóiseacha, agus le prótacail féinmheastóireachta a chur san áireamh, léirítear cur chuige cuimsitheach maidir le forbairt leanúnach in inniúlachtaí LULD, rud a chinntíonn go bhfuil measúnuithe níos ábhartha, níos iontaofa agus níos cuimsithí do gach foghlaimeoir.

Is téarma athraitheach í an litearthacht dhigiteach agus cuimsíonn sí anois raon leathan inniúlachtaí lena n-áirítear úsáid na meán sóisialta, rud a fhágann gur gá na scileanna sin a chomhtháthú san oideachas chun rannpháirtíocht na sochaí a chinntiú. Tá roinnt athchóirithe curaclaim ar siúl chun an litearthacht dhigiteach a leabú i sonraíochtaí nua curaclaim, agus béim níos mó á leagan ar an bhfoghlaim ar líne agus ar an bhfoghlaim chumaisc chun oideachas cuimsitheach a chothú agus chun príomhscileanna digiteacha a fheabhsú. Bhí roinnt rannpháirtithe ann a d'iarr sainmhíniú soiléir agus tuiscint shoiléir ar an gcuma atá ar an litearthacht dhigiteach i suíomhanna oideachais, agus ar na cineálacha forbartha gairmiúla a bhí ag teastáil chun tacú le hoideoirí agus le tuismitheoirí, agus ar an mbealach is fearr chun an litearthacht dhigiteach a leabú i ngach réimse curaclaim, agus í a nascadh le sábháilteacht agus folláine idirlín ag an am céanna. Iarradh freisin go mbeadh comhoibriú agus comhroinnt níos fearr i measc pobail oideachais chun comhréireacht níos fearr a chinntiú in oideachas litearthachta digití.

2. Réamhrá

2.1 An próiseas comhairliúcháin a shocrú i gcomhthéacs

Sheol an Roinn Oideachais (RO) an *Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 (An Straitéis)* in 2011. Leagtar amach *sa Straitéis* sin fís shoiléir chun caighdeáin a ardú sa litearthacht agus san uimhearthacht i suíomhanna fhoghlaim agus chúram na luath-óige (FCLÓ), bunscoile agus iar-bhunscoile faoi 2020. Bhí sé cholún sa *Straitéis* mar a léirítear i dTábla 1 thíos.

Tábla 1: Eagraíodh na gníomhartha sa Straitéis thar shé Cholún den chóras oideachais.

Colún 1:	*Tuismitheoirí agus pobail a chumasú chun tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta leanaí*
Colún 2:	*Feabhas a chur ar chleachtas gairmiúil múinteoirí agus chleachtóirí Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ)*
Colún 3:	*Acmhainneacht na ceannaireachta scoile a fhorbairt*
Colún 4:	*An curaclam agus an t-eispéireas foghlama a fheabhsú*
Colún 5:	*Cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu barr a gcumais a bhaint amach*
Colún 6:	*Measúnú agus meastóireacht a fheabhsú chun tacú le foghlaim níos fearr sa litearthacht agus san uimhearthacht.*

Foilsíodh *Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis Náisiúnta: Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol (2011-2020)*, in 2017. Cuireadh tús leis an Athbhreithniú Eatramhach in 2015, chun an rath agus na dúshláin a bhain le cur chun feidhme na straitéise go dtí sin a mheas. Is éard a bhí i gceist leis an Athbhreithniú Eatramhach sin breithniú a dhéanamh ar thorthaí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, agus próiseas comhairliúcháin le raon leathan páirtithe leasmhara.

Leagadh béim san Athbhreithniú Eatramhach ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh ó seoladh an Straitéis in 2011, go háirithe maidir le hardleibhéal litearthachta a chur chun cinn do chách. Ina theannta sin, leagadh béim ann ar chúig réimse ar cheart aird bhreise a thabhairt orthu sa *Straitéis* sula dtiocfadh deireadh léi in 2020.

Ba iad seo a leanas na cuspóirí a bhí leo:

- an méid atá bainte amach san uimhearthacht a neartú agus tús áite a thabhairt dó;
- díriú ar leanaí agus ar dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil;
- an litearthacht a neartú ar son na Gaeilge agus tríd an meán sin;
- scileanna litearthachta digití a fhorbairt agus a fheabhsú; agus,
- comhordú agus comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun an teachtaireacht litearthachta agus uimhearthachta a threisiú agus acmhainní a chur ar fáil di.

Níor tháinig an tAthbhreithniú Eatramhach in ionad Straitéis 2011 ach sainaithníodh réimse gníomhartha sonracha breise agus spriocanna nua. Bhí tionchar ag dúshlán gan choinne phaindéim COVID-19 ar chur i gcrích iomlán na ngníomhartha agus na spriocanna a leagadh síos san athbhreithniú eatramhach.

2.2 Straitéisí agus beartais atá mar bhonn faoi straitéis chomharba

Tá roinnt príomhstraitéisí agus príomhbheartais oideachais náisiúnta mar bhonn faoi obair an dá Roinn. Tacaíonn an cur chuige trasearnála le comhtháthú na straitéisí sin agus leis an bhfaireachán ar a ndul chun cinn, toisc go gcuireann gach ceann acu le fís uile-chórais don oideachas.

Idirnascfaidh an *Straitéis* chomharba le roinnt straitéisí atá ann cheana ar fud RO agus RLCMLÓ araon. Leagadh béim sa phróiseas comhairliúcháin ar a thábhachtaí atá sé na naisc idir na straitéisí agus na beartais a mheas agus an *Straitéis* chomharba á forbairt.

I measc na bpríomhstraitéisí agus na bpríomhbheartas ábhartha tá:

- Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige 2009 (á nuashonrú faoi láthair)
- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030
- Creat don tSraith Shóisearach 2015
- CDSISI (DEIS) Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
- Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (á nuashonrú faoi láthair)
- An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Mhíchumas 2017 – 2021
- An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017 – 2021
- Cothú Scileanna: An Plean Fórsa Saothair don Luathfhoghlaim agus don Chúram agus don Chúram Leanaí d'Aois Scoile, 2022-2028
- Straitéis na Leabharlann Poiblí
- Ráiteas Polasaí um Oideachas ETIM (STEM)
- Na Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028
- Treochlár um Chuimsiú Sóisialta 2020 – 2025 'Uaillmhianta, Spriocanna agus Tiomantais'
- Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann 2025
- Straitéis 10 mBliana Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann do Dhaoine Fásta
- Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027
- Creatchuraclam na Bunscoile 2023
- Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

2.3 An chéim thaighde agus an próiseas comhairliúcháin

2.3.1 Athbhreithniú ar Thaighde Reatha

Coimisiúnaíodh an Institiúid Oideachais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC), tar éis próiseas soláthair phoiblí, chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme *Straitéis* 2011, agus taighde náisiúnta/idirnáisiúnta maidir le litearthacht (lena n-áirítear litearthacht dhigiteach) agus uimhearthacht. Breithníodh san athbhreithniú freisin straitéisí litearthachta agus uimhearthachta a bhí ann roimhe seo, atá ann faoi láthair agus atá beartaithe i raon tíortha. [1]Leis an athbhreithniú sin, cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt an phróisis comhairliúcháin agus cuireadh bonn eolais faoi chruthú Plépháipéir, a foilsíodh i mí na Nollag 2022. Forbraíodh an doiciméad sin chun treoir a thabhairt dóibh siúd a chuirfeadh a dtuairimí in iúl maidir le *Straitéis* chomharba a fhorbairt mar chuid de chéim an chomhairliúcháin phoiblí.

2.3.2 Céim an Chomhairliúcháin Phoiblí

Ghlac an dá Roinn páirt chomhoibríoch i bpróiseas comhairliúcháin dhomhain, mar chuid d'fhorbairt na *Straitéise* a thiocfadh i ndiaidh na Straitéise Náisiúnta um Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020 agus an Athbhreithnithe Eatramhaigh ar an Straitéis [2](2017-2020).

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin fadréimseach i mí na Nollag 2022 agus tugadh i gcrích é i mí an Mheithimh 2023. Lorgaíodh ann raon tuairimí ar a bhfuil i gceist leis an litearthacht, an uimhearthacht agus an litearthacht dhigiteach i sochaí nua-aimseartha an 21ú haois. Díríodh sna comhairliúcháin ar phríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear foghlaimeoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, ceannairí scoile agus múinteoirí, oideoirí luathbhlianta agus bainisteoirí FCLÓ, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara oideachais ábhartha eile.

Gabhadh tuairimí na bpáirtithe leasmhara poiblí trí shuirbhé ar líne, as ar tháinig 1,044 freagra. Rinneadh an suirbhé ar líne a óstáil ar shuíomh gréasáin an Rialtais (www.gov.ie) agus seoladh é ar an 19 Nollaig 2022 agus d'fhan sé ar oscailt go dtí an 7 Feabhra 2023. Bhí tríocha a sé

[1] Plépháipéar Comhairliúcháin ar Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/243229/39587b6e-0f9a-4c6c-ab45-d04e2feb80cf.pdf#page=null

[2] *Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis (2017-2020)*: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/8e5d15-none/?/

ceist sa suirbhé, a cuireadh in oiriúint do chúlra na bhfreagróirí. Cuirtear an t-aiseolas ón suirbhé i láthair i *gCuid 2 de Thuarascáil Chomhairliúcháin LULD*: *Torthaí an tSuirbhé.*

Ina theannta sin, fuarthas tríocha a cúig aighneacht i scríbhinn ó eagraíochtaí páirtithe leasmhara agus ó chomhlachtaí poiblí agus deonacha eile. Cuirtear an t-aiseolas ó na haighneachtaí i scríbhinn i láthair i *gCuid 3 de Thuarascáil Chomhairliúcháin LULD: Barúlacha agus Gníomhartha sna hAighneachtaí ó Pháirtithe Leasmhara.*

2.3.3 Fócasghrúpaí

Tionóladh cúig fhócasghrúpa dhéag ar líne idir an 22 Feabhra agus an 4 Aibreán 2023 le raon leathan páirtithe leasmhara agus mar a leagtar amach i dTábla 2 thíos. Ba é buaicphointe an phróisis sin imeacht comhairliúcháin le páirtithe leasmhara in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh i mí na Bealtaine 2023 chun iniúchadh a dhéanamh ar chuid de na príomhbharúlacha a d'eascair as an bpróiseas comhairliúcháin.

Tábla 2: Fócasghrúpaí Chomhairliúchán Páirtithe Leasmhara LULD

Dáta	Fócasghrúpa
22/02/2023	Príomhoidí Bunscoile
22/02/2023	Múinteoirí Bunscoile
23/02/2023	Múinteoirí Iar-bhunscoile
24/02/2023	Gnó agus Tionscal
27/02/2023	Tuismitheoirí
27/02/2023	Príomhoidí Iar-bhunscoile
28/02/2023	Soláthraithe Oideachais Ghairmiúil Tosaigh don FCLÓ
28/02/2023	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
01/03/2023	Bainisteoirí FCLÓ

06/03/2023	Eagraíochtaí Tacaíochta
07/03/2023	Oideoirí FCLÓ
16/03/2023	Foghlaimeoirí Iar-bhunscoile
16/03/2023	Foghlaimeoirí Bunscoile
31/03/2023	FCLÓ agus Cigirí Bunscoile
04/04/2023	Cigirí Iar-bhunscoile

Cuirtear an t-aiseolas ó na grúpaí fócais i láthair i *gCuid 4 de Thuarascáil Chomhairliúcháin LULD: Comhairliúcháin Fócasghrúpa.*

3. Léargais agus Moltaí

3.1 Tuismitheoirí agus Pobail a Chumasú chun Tacú le Forbairt LULD Leanaí

3.1.1 Léargais

Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí mar phríomhoideoirí an linbh maidir le forbairt an linbh a chur chun cinn, lena n-áirítear scileanna teanga, litearthachta agus litearthachta digití an linbh atá ag teacht chun cinn. Is féidir leis an timpeallacht foghlama baile agus an tacaíocht ghníomhach ó thuismitheoirí, caomhnóirí agus teaghlaigh tionchar dearfach suntasach a imirt ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an linbh. Baineann leanaí agus daoine óga torthaí foghlama níos fearr amach nuair a ghlacann a dtuismitheoirí agus a dteaghlaigh leas gníomhach ina n-oideachas, nuair a thacaíonn siad leo, nuair a spreagann siad iad agus nuair a chruthaíonn siad ionchais indéanta. Aithnítear go maith go bhfuil ról lárnach ag an gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí agus le teaghlaigh i gcothú na forbartha sin agus i mbunús na foghlama breise a leagan síos i suíomhanna FCLÓ agus ar scoil.

Tá ról tábhachtach ag na pobail ina bhfuil cónaí ar leanaí agus ar dhaoine óga agus ina bhfásann siad maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a chothú agus tacú leo. Sa chás go bhfuil suíomhanna FCLÓ, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nasctha lena chéile agus go gcruthaíonn siad naisc láidre leis an bpobal i gcoitinne, tá deiseanna níos fearr ann chun dea-chleachtas a roinnt, líonraí tacaíochta a thógáil agus leanúnachas curaclaim agus oideolaíoch níos fearr a chur chun cinn. Trí leas a bhaint as comhiarracht an phobail i gcoitinne agus gníomhaireachtaí eile, d'fhéadfaí comhleanúnachas níos fearr agus cur chuige comhtháite a thabhairt isteach maidir leis an iarracht náisiúnta chun feabhas a chur ar eispéiris agus ar thorthaí foghlama sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach.

3.1.2 Moltaí

Tús áite a thabhairt do ról na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí ar gach leibhéal den Chóras Oideachais agus é a thacú

- Béim a leagadh ar an ról riachtanach atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí sa phróiseas foghlama. Acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil chun cabhrú le tuismitheoirí cuidiú le turas oideachais a bpáiste.

- Treoir phraiticiúil a fhorbairt do thuismitheoirí a thacaíonn le foghlaimeoirí óga, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla de réir aoiseanna leanaí.
- Tacaíocht do thuismitheoirí agus do chúramóirí a chur chun cinn tuilleadh i suíomhanna FCLÓ agus i suíomhanna scoile trí thimpeallacht níos fáiltí a chruthú agus trí thuiscint a fháil ar chúlra tuismitheoirí.
- Cultúr léitheoireachta a chothú chun taitneamh a bhaint aisti, ina mbeidh tuismitheoirí agus pobail páirteach níos mó i dtacú le Forbairt Litearthachta agus Uimhearthachta leanaí.
- Tuilleadh treorach agus tacaíochta a chur ar fáil do scoileanna agus do shuíomhanna FCLÓ maidir le straitéisí agus cuir chuige is féidir a úsáid chun comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí agus le teaghlaigh a chothú.
- A chinntiú go bhfuil cláir litearthachta teaghlaigh inrochtana agus neamh-imeaglaithe do thuismitheoirí. Trí na cláir sin a dhéanamh éasca le húsáid is féidir níos mó tuismitheoirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh agus tacú le foghlaim a gcuid leanaí sa bhaile. Infheictheacht na dtacaíochtaí litearthachta teaghlaigh a mhéadú. Is féidir le cur chun cinn rialta na dtacaíochtaí sin feasacht a mhúscailt i measc tuismitheoirí agus a n-úsáid a spreagadh.
- Samplaí de ghníomhaíochtaí praiticiúla ar féidir le teaghlaigh tabhairt fúthu sa bhaile chun tacú le foghlaim a gcuid leanaí a chomhroinnt.
- Rannpháirtíocht ghníomhach na dtuismitheoirí i sealbhú teanga a bpáistí a spreagadh trí ranganna agus tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil.
- Treoir phraiticiúil agus acmhainní praiticiúla a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, do thuismitheoirí, d'oideoirí luathbhlianta agus do mhúinteoirí chun tacú le foghlaimeoirí tríd an bpróiseas aistrithe, lena n-áirítear FCLÓ go bunoideachas, bunoideachas go hiar-bhunoideachas, agus iar-bhunoideachas go hardoideachas nó breisoideachas. Is féidir leis an tacaíocht sin cabhrú le foghlaimeoirí leanúint dá dturas foghlama go muiníneach.
- Na próisis agus na modhanna teagaisc agus foghlama a chur in iúl go soiléir do thuismitheoirí. Is féidir leis sin cabhrú le tuismitheoirí tuiscint a fháil ar an bpróiseas foghlama agus ar an gcaoi is fearr is féidir leo tacú lena gcuid leanaí. Treoirlínte a chruthú do scoileanna ina n-úsáidtear Béarla simplí, ionas go mbeidh siad sothuigthe agus inrochtana do gach páirtí leasmhar, tuismitheoirí san áireamh.
- Soláthar tacaíochta agus treorach a leathnú do theaghlaigh a bhfuil Béarla acu mar theanga bhreise (EAL).

Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach a Chur chun Cinn go Gníomhach ar fud na sochaí

- Feachtas náisiúnta meán a fhorbairt chun feasacht a mhúscailt ar róil tuismitheoirí agus pobal maidir le tacú le forbairt na litearthachta. Guth na dtuismitheoirí a chur chun cinn san oideachas chun iad a spreagadh agus a chumhachtú le cead cainte a bheith acu san oideachas.
- Infheistíocht a dhéanamh i gcláir litearthachta agus foghlama teaghlaigh chun tacú le tuismitheoirí a bhfuil riachtanais litearthachta acu nach bhfuiltear ag freastal orthu agus plean láidir a fhorbairt do phobail faoi mhíbhuntáiste.
- Úsáid doiciméad agus foirmeacha atá dátheangach laistigh de shuíomhanna FCLÓ, scoileanna agus an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear 'teangacha baile' 'taobh le taobh' le teanga na foirme. Cinnteoidh sí sin cuimsitheacht agus freastalóidh sí ar thuismitheoirí agus ar chúramóirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu leis an mBéarla.
- An t-ilteangachas a cheiliúradh agus a chur chun cinn. Is féidir leis sin meas ar an éagsúlacht a spreagadh agus timpeallacht foghlama níos cuimsithí a chothú.
- An pobal a chur ar an eolas faoi sheirbhísí i nGaeilge trí fheachtais chuimsitheacha phoiblíochta ar fud na meán ar fad.
- Dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus teangacha eile a fhorbairt, agus béim a chur ar aistrithe scileanna idir teangacha ag an am céanna. Scéim na gCúntóirí Teanga a leathnú chun níos mó scoileanna a chur san áireamh.
- Páirt a ghlacadh i bhfeachtais feasachta agus oiliúna oideachais pobail trí líonraí ábhartha do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí. Feachtais feasachta agus cur chun cinn náisiúnta leanúnacha atá dírithe ar phobail ar leith a mhaoiniú.

Cur chuige pobail a fhorbairt i leith LULD

- Comhthuiscint a fhorbairt ar na sainmhínithe agus ar na coincheapa a bhaineann leis an litearthacht, leis an uimhearthacht agus leis an litearthacht dhigiteach ar fud FCLÓ agus phobail na scoile.
- Comhoibriú le leabharlanna áitiúla agus leis an Leabharlann Náisiúnta chun foghlaim litearthachta agus cumarsáide a neartú i bpobail, deiseanna léitheoireachta a chur chun cinn, agus tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana. Ba cheart leabharlanna, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Ionaid Sláinte, Clóis Súgartha, Páirceanna, Coistí Contae/Cathrach i gCúram Leanaí, agus Líonra na nIonad Oideachais a threisiú chun forbairt litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí a chur chun cinn.
- A chinntiú i scoileanna go bhfuil leabharlann ag gach ceann acu agus cláir dheonacha litearthachta leanaí áitiúla a leathnú chun níos mó acmhainní agus saorálaithe áitiúla a úsáid.

- Forbairt comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí agus seirbhísí pobail a spreagadh, amhail leabharlanna áitiúla, ionaid phobail agus grúpaí tacaíochta litearthachta/uimhearthachta d'aosaigh. Is féidir leis na comhpháirtíochtaí sin tacaíocht bhreise a chur ar fáil do LULD lasmuigh de shuíomhanna na scoile agus FCLÓ.

Cur chuige comhoibríoch a fhorbairt chun LULD a chur chun cinn

- Comhoibriú a chothú idir soláthraithe agus gníomhaireachtaí oideachais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Líonraí idirdhisciplíneacha a chruthú chun tacaíochtaí pobail a chomhordú le fócas ar leith.
- Cur chuige tras-rannach agus idirghníomhaireachta a fhorbairt i leith LULD, agus a chinntiú go dtacaítear le gach suíomh. D'fhéadfadh tacaíocht ní ba chuimsithí agus comhroinnt acmhainní a bheith mar thoradh ar an gcur chuige comhordaithe sin, rudaí atá dírithe ar thionscnaimh faoi stiúir an phobail.

3.2 Tacú le Cleachtas Gairmiúil agus Ceannaireacht

3.2.1 Léargais

Tá ról lárnach ag múinteoirí agus ag oideoirí luathbhlianta maidir le heispéiris foghlama ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Tá a ról ríthábhachtach chun cabhrú le leanaí agus le daoine óga an t-eolas, na scileanna agus na meonta a fháil a theastaíonn uathu chun páirt iomlán agus éifeachtach a ghlacadh sa saol, sa tsochaí agus san ionad oibre.

Tá tacaíochtaí foghlama gairmiúla leanúnacha do mhúinteoirí agus d'oideoirí luathbhlianta bunriachtanach chun eispéiris agus torthaí foghlama feabhsaithe a bhaint amach dár bhfoghlaimeoirí uile sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach.

Tá ról ríthábhachtach ag príomhoidí agus ag bainisteoirí FCLÓ maidir le timpeallacht a chruthú a thacaíonn le teagasc agus foghlaim éifeachtach i suíomhanna FCLÓ, agus i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna. Treoraíonn siad feabhsuithe sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach, tacaíonn siad leo agus déanann siad faireachán orthu ar fud a scoileanna agus a suíomhanna FCLÓ.

3.2.2 Moltaí

Soiléireacht a sholáthar maidir lena bhfuil i gceist le Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach

- FGL a sholáthar timpeall ar a bhfuil i gceist le LULD agus a chinntiú go dtuigeann an pearsanra ar fad go soiléir an méid atá mar aidhm ag an straitéis a bhaint amach.
- A chinntiú go dtuigeann pearsanra oideachais go soiléir an ról atá acu maidir le tacú le cur chun feidhme na straitéise agus go bhfuil rochtain acu ar raon tacaíochtaí cuí (i.e. treoirlínte, tacaíochtaí forbartha gairmiúla, acmhainní agus comhairle).

Raon próiseas foghlama FGL a chur ar fáil

- Raon próiseas foghlama FGL a chur ar fáil do phearsanra oideachais (i.e. lena n-áirítear cúrsaí, meantóireacht/cóitseáil, gníomhaíochtaí atá bunaithe ar thaighde, cleachtas agus comhoibriú etc.) ionas gur féidir an t-eolas ar chleachtas gairmiúil a thabhairt dóibh chun an straitéis a chur chun feidhme.
- Beidh na próisis foghlama FGL sin fianaise-bhunaithe agus difreáilte de réir earnála (i.e. FCLÓ, bunscoil agus iar-bhunscoil) agus de réir róil (i.e. bainistíocht/ceannaireacht, oideoir/múinteoir nó foireann tacaíochta).
- Rochtain a thabhairt do phearsanra oideachais ar raon módúlachtaí FGL, lena n-áirítear i bpearsa, ar líne nó meascán de dhaoine i bpearsa agus ar líne araon.
- FGL difreáilte a sholáthar do phearsanra ag brath ar a ról i scoil nó i suíomh FCLÓ.

Cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir le FGL agus maidir le cur chun feidhme straitéise

- A chinntiú go dtacaítear le foirne ceannaireachta chun an straitéis a chur chun feidhme. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin dóthain ama agus tacaíochtaí a thabhairt dóibh chun an straitéis a chur chun feidhme, lena n-áirítear bualadh le comhghleacaithe, agus chun athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar an straitéis d'fhonn pleananna cur chun feidhme cuí a cheapadh dá gcomhthéacs.
- Ba chóir go gcuirfeadh tacaíochtaí FGL ar chumas suíomhanna FCLÓ agus suíomhanna scoile cur chuige a chur chun feidhme maidir leis an suíomh.

Comhoibriú a chur chun cinn laistigh de shuíomhanna agus eatarthu

- Ba cheart do shuíomhanna FCLÓ agus do shuíomhanna scoile am agus spás a chur ar fáil d'oideoirí agus do mhúinteoirí luathbhlianta chun páirt a ghlacadh ina gcleachtais ghairmiúla a roinnt le comhghleacaithe maidir le LULD.
- Tacú le suíomhanna chun líonrú le suíomhanna eile chun cleachtais reatha a roinnt agus cuir chuige nua LULD a mheas dá gcomhthéacs.
- Braislí a bhunú, nuair is féidir, inar féidir le scoileanna agus/nó suíomhanna FCLÓ teacht le chéile agus cineálacha cur chuige agus taithí a roinnt. Ba cheart go gcuirfeadh braislí den sórt sin ar chumas foirne ceannaireachta nascadh le cleachtais mhachnamhacha agus páirt a ghlacadh iontu.

FGL spriocdhírithe a sholáthar maidir le cuir chuige Litearthachta Digití

- Tacú leis an bpearsanra oideachais uile a bheith níos liteartha ó thaobh cúrsaí digiteacha de trí raon tacaíochtaí saincheaptha FGL a chur ar fáil atá oiriúnach do gach earnáil.
- A chinntiú go mbeidh na hinniúlachtaí digiteacha is gá ag pearsanra oideachais chun litearthacht dhigiteach a bhfoghlaimeoirí a fhorbairt.
- A chinntiú go nglacann tacaíochtaí FGL cur chuige iomlánaíoch i leith na Litearthachta Digití, cur chuige a chuireann saincheisteanna sochaíocha níos leithne san áireamh, amhail ciníochas, bulaíocht etc.

An faireachán ar dhul chun cinn i ndáil le spriocanna LULD a chumasú

- FGL a sholáthar maidir leis an mbealach is fearr chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise ina gcomhthéacs. A chinntiú go bhfuil rochtain acu ar uirlisí cuí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora maidir le LULD. D'fhéadfadh oiliúint speisialaithe maidir le huirlisí diagnóiseacha agus maidir le straitéisí cuí do mheasúnú múnlaitheach agus suimitheach a bheith i gceist leis sin.
- A chinntiú go bhfuil an t-eolas ag pearsanra oideachais chun uirlisí measúnaithe cuí a shainaithint agus chun breithiúnais eolasacha a dhéanamh ó aon sonraí arna mbailiú ó fhoghlaimeoirí, i gcomhthéacs feabhas a chur ar a scileanna LULD.

Tacaíochtaí ilteangacha

- Athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht teanga téacsleabhar agus acmhainní eile lena chinntiú go bhfuil siad inrochtana agus cuimsitheach do gach foghlaimeoir. Mar shampla, d'fhéadfaí é sin a bhaint amach trí leaganacha soléite d'acmhainní a chur ar fáil agus trí fhócas a choinneáil ar sholáthar tacaíochtaí EAL.
- FGL a sholáthar do phearsanra oideachais maidir le dea-chleachtais an tumoideachais agus na Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT).
- Tacaíocht níos leithne a chur ar fáil do thionscnaimh a spreagann úsáid na Gaeilge, ar nós an chláir 'Gaelbhratach'.
- Tacú le soláthar téacsleabhar agus acmhainní i nGaeilge do gach réimse ábhair, agus ag an am céanna béim a chur ar úsáid "Gnáth-Ghaeilge" agus foirmeacha atá inléite don phobal i gcoitinne.

Tacú le Pearsanra agus Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Ardoideachais agus OTM

- A chinntiú go dtacaítear le pearsanra OTM agus Breisoideachais agus Ardoideachais chun an straitéis LULD a chur chun feidhme trí rochtain a thabhairt dóibh ar thaithí

ábhartha foghlama gairmiúla, ionas go mbeidh rochtain acu ar acmhainní agus ar thacaíochtaí ábhartha chun a bhfoghlaimeoirí a ullmhú.

- Ailíniú a choinneáil idir tacaíochtaí agus cuir chuige FGL ionghairme agus iad siúd in OTM agus Breisoideachas agus Ardoideachas.

3.3 An Curaclam agus an tEispéireas Foghlama a Fheabhsú

3.3.1 Léargais

Ba cheart go mbeadh deis ag gach foghlaimeoir taithí a fháil ar churaclam leathan, cothrom agus sásúil a thacaíonn le gach gné dá bhforbairt, ní hamháin an ghné acadúil, ach na gnéithe sóisialta, mothúchánacha, samhlaíocha, aeistéitiúla agus fisiciúla chomh maith. Ba cheart go mbeadh leanúnachas ag foghlaimeoirí freisin agus iad ag forbairt scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití ón luath-óige go dtí an aosacht.

Foghlaimíonn babaithe agus leanaí óga trí shúgradh, trí eispéiris ghníomhacha phraiticiúla atá ábhartha agus fiúntach dóibh. Foghlaimíonn siad a lán rudaí ag an am céanna. De réir mar a fhorbraíonn leanaí agus daoine óga, athraíonn na bealaí ina bhfoghlaimíonn siad de réir mar a théann siad ar aghaidh ar a dturais foghlama ón FCLÓ, ón mbunscoil agus ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil.

Cuireann Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, agus Creatchuraclam na Bunscoile béim ar leith ar fhoghlaim atá dírithe ar leanaí agus ar fhoghlaim atá bunaithe ar fhiosrú, áit a ndéantar eispéiris teanga, litearthachta agus uimhearthachta atá ag teacht chun cinn a fhí go cúramach i súgradh leanaí.

Déantar é sin a fhorbairt tuilleadh trí na curaclaim san iar-bhunscoil ina bhfuil scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití ina gcuid bhunúsach den Chreat don tSraith Shóisearach agus de chlár oibre athchóirithe na Sraithe Sinsearaí.

3.3.2 Moltaí

Straitéis iomlánaíoch LULD agus cineálacha cur chuige gaolmhara

- A chinntiú go bhfuil LULD sainithe go soiléir agus go dtuigeann na páirtithe leasmhara go léir é.
- A chinntiú go bhfuil an straitéis iomlánaíoch ó thaobh LULD de agus go bhfuil sí cuimsitheach do gach foghlaimeoir i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna trí thuiscint fhairsing ar LULD a ghlacadh.

- A chinntiú go bhfuil an straitéis oiriúnach do gach céim den chóras oideachais agus go nasctar í leis an straitéis reatha um Litearthacht Aosach don Saol. Ba cheart cleachtais LULD a leabú sa straitéis ar gach leibhéal agus ag gach céim den oideachas.
- Ba cheart don straitéis LULD gach traidisiún a urramú agus an úsáid is leithne is féidir a bhaint as ábhair atá ábhartha ó thaobh an chultúir de (i.e. téacsanna, scéalta, teanga etc.) a chur chun cinn ionas go mbeidh an straitéis ábhartha don líon is leithne daoine is féidir. Ba cheart an straitéis a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha agus oiriúnaitheach.
- A chinntiú go leithdháilfear dóthain ama ar na hamchláir scoile ábhartha chun inniúlachtaí LULD a fhorbairt i measc na bhfoghlaimeoirí uile.

Rochtain a chur ar fáil ar raon leathan acmhainní oideachais cuí

- Ábhair Ghaeilge a chur ar fáil i gcanúintí éagsúla do gach rang i mbunscoileanna, lena n-áirítear éagsúlacht litríochta do leibhéil éagsúla scileanna agus spéiseanna.
- An gá atá le leabharlanna dea-stocáilte atá lonnaithe go lárnach i ngach scoil a chur chun cinn, Leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh Mála Mo Leabharlainne Bige agus é a leathnú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gClár an Ceart chun Léitheoireachta faoi straitéis nua leabharlainne poiblí.
- Curaclam Teanga na Bunscoile a chur chun cinn agus a fheabhsú le hábhair thacaíochta bhreise.
- Físeáin a fhorbairt ina bhfuil samplaí den chaoi a bhfuil modhanna litearthachta agus uimhearthachta á dteagasc ar gach leibhéal chun tacú leis an bhfoghlaim sa bhaile.

Teagasc, foghlaim agus measúnú atá cuimsitheach agus cruthaitheach a chur chun cinn

- Cuir chuige chruthaitheacha agus éagsúla a chur chun cinn i scileanna LULD a fhorbairt. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis sin dea-chleachtas déthreoch a chur chun cinn idir FCLÓnna agus scoileanna, agus meas a léiriú do ghníomhaireacht múinteoirí agus oideoirí luathbhlianta chun bearta ó bharr anuas nach bhfuil gá leo a sheachaint.
- Béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige uile-scoile nó uile-shuímh FCLÓ maidir le Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach. Treoir a chur ar fáil maidir le conas an cur chuige sin a bhaint amach ar bhealach bríoch agus gan chur i gcéill.
- Tionscnaimh Litearthachta agus Uimhearthachta amhail Breith ar an Léitheoireacht agus ar an Matamaitic a leathnú chuig níos mó suíomhanna scoile, go háirithe scoileanna CDSISI (DEIS).

- Fócas ar scileanna labharthachta a fheabhsú i scoileanna, toisc go bhfuil na scileanna sin riachtanach d'fhorbairt litearthachta.
- Oideoirí agus múinteoirí luathbhlianta a spreagadh chun béim níos mó a chur ar thaitneamh léitheoireachta leanaí a thógáil.

Infheistíocht a dhéanamh i gcineálacha cur chuige atá bunaithe ar fhianaise

- Leanúint d'ábhar agus taighde a fhoilsiú i réimse na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití ag CNCM, lena n-áirítear ábhair thacaíochta do thuismitheoirí. Cultúr nuálaíochta agus turgnamhaíochta a spreagadh i scoileanna trí ghlaonna maoinithe ar chláir nuálacha i gcomhar leis an tríú leibhéal agus leis an tionscal.
- Tús áite a thabhairt do staidéar ceachta agus do thacaíocht leanúnach scoile chun athruithe claochlaitheacha ar an gcleachtas sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach a chur chun cinn.
- Tuilleadh taighde a dhéanamh ar chur chuige éifeachtach maidir le múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus acmhainní ábhartha agus cuir chuige mholta a chur ar fáil do scoileanna, d'fhonn feabhas a chur ar mhúineadh na Gaeilge.
- LULD a chomhtháthú i ngach gné den churaclam agus a chinntiú ag an am céanna go bhfuil an pearsanra oideachais ar fad ullamh chun cur chuige comhtháite den sórt sin a chur chun feidhme.
- Tuilleadh acmhainní tacaíochta a chur ar fáil lena n-áirítear cuir chuige chun litearthacht a theagasc, dea-chleachtais maidir leis an tumoideachas, go háirithe i dtaca leis an nGaeilge.

Tacaíochtaí breise a chur ar fáil do theaghlaigh

- Rochtain bhreise a chur ar fáil do thuismitheoirí ar chláir oideachais aosaigh, go háirithe do thuismitheoirí atá ag iarraidh feabhas a chur ar a scileanna litearthachta, uimhearthachta agus/nó litearthachta digití.

Cuir chuige ilteangacha a chur chun cinn

- Béim a leagan ar ról na dteangacha oidhreachta agus ar ghnéithe idirchultúrtha/ilteangacha sa churaclam.
- A chur ar chumas foghlaimeoirí inniúlacht litearthachta a bhaint amach sna teangacha go léir atá á bhfoghlaim acu.
- Foghlaim teangacha iasachta a chur ar fáil do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Cleachtais litearthachta digití a leabú le gníomhaíochtaí LULD

- Cuir chuige foghlama digití a chomhtháthú go hiomchuí i ngnéithe de chleachtais LULD agus dea-chleachtas agus acmhainní a roinnt nuair atá siad ar fáil.
- Úsáid chuí teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i ngníomhaíochtaí uimhearthachta ar scoil, amhail úsáid áireamhán agus uirlisí digiteacha eile.

A chinntiú go bhfuil an Straitéis oiriúnach don fheidhm

- Tacaíochtaí a sholáthar chun breithmheas criticiúil a leabú a thuilleadh ar fud an churaclaim, go háirithe litearthacht sna meáin.
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an straitéis LULD lena chinntiú go bhfuil sí oiriúnach don fheidhm agus go léiríonn sí na hathruithe sa tsochaí agus inár dtuiscint ar LULD, go háirithe maidir le forbairtí teicneolaíochta.

3.4 Tacaíocht a Thabhairt d'Fhoghlaimeoirí Éagsúla chun a gCumas a Bhaint Amach

3.4.1 Léargais

Is gá díriú ar conas torthaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fheabhsú do gach leanbh agus do gach duine óg. Mar sin féin, tá a fhios againn go dteastaíonn leibhéil tacaíochta i bhfad níos mó ó roinnt leanaí chun a gcumas a bhaint amach. Ní mór tacú le leanaí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu, lena n-áirítear leanaí a bhfuil cumas eisceachtúil iontu, ar bhealaí difreáilte. Ba cheart dóibh an scoil a fhágáil leis na scileanna is gá chun páirt a ghlacadh, go leibhéal a n-acmhainneachta ar bhealach cuimsitheach, i ngníomhaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha na sochaí agus chun saol neamhspleách agus lánsásta a chaitheamh.

Is mó i bhfad an seans go mbeidh deacrachtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití ag leanaí ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch ná mar a bheidh ag leanaí eile. Teastaíonn tacaíocht bhreise teanga ó leanaí atá ag foghlaim Béarla mar dhara teanga, rud a chuireann lena n-eolas ar a máthairtheanga chun torthaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití níos fearr a bhaint amach.

3.4.2 Moltaí

Sainmhínithe cuimsitheacha agus cuir chuige chuimsitheacha cur chun feidhme a fhorbairt le haghaidh LULD

- Ní mór don straitéis aitheantas a thabhairt dár sochaí ilchultúrtha atá ag athrú ina labhraíonn daoine óga réimse teangacha, lena n-áirítear Béarla agus Gaeilge, ach nach bhfuil teoranta do na teangacha sin. Ba cheart do scoileanna agus do shuíomhanna FCLÓ an éagsúlacht sin a aithint ina straitéisí LULD agus tacaíochtaí cuí a chur chun feidhme, i gcás inar féidir, chun tacú leis an ilteangachas agus leis an éagsúlacht idirchultúrtha.
- Ba cheart sainmhínithe ar LULD a bheith freagrúil ó thaobh an chultúir de, i gcás inar féidir. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an méid comhroinnte idir litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a aithint i sainmhínithe agus 'eolas matamaiticiúil' a úsáid in ionad 'matamaitic' chun meonta dearfacha agus rannpháirtíocht chriticiúil a chothú.

Tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí EAL agus CDSISI (DEIS) a fheabhsú

- Ba chóir do scoileanna, go háirithe ar leibhéal na hiar-bhunscoile, freastal ar riachtanais gach foghlaimeora agus, nuair is féidir, tacaíochtaí a leathnú d'fhoghlaimeoirí EAL.
- Cláir Dheontais CDSISI (DEIS) agus Teicneolaíochta Cúnta a leathnú agus a fheabhsú chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhoghlaimeoirí éagsúla, go háirithe iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus eacnamaíoch. Ba cheart go n-áireofaí leis sin freisin cláir thacaíochta spriocdhírithe a fhorbairt do thuismitheoirí foghlaimeoirí éagsúla.
- Maoiniú d'acmhainní EAL a mhéadú i scoileanna agus ábhair léitheoireachta éagsúla a stocáil i leabharlanna.
- Seirbhísí leabharlannaithe a sholáthar do scoileanna CDSISI (DEIS) agus a chinntiú go soláthraíonn sainmhúinteoirí tacaíocht teanga, nuair is féidir, d'fhoghlaimeoirí EAL.

Tacaíochtaí agus cuir chuige chuimsitheacha do gach foghlaimeoir

- Ba cheart glacadh níos forleithne le Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) mar chur chuige teagaisc chun freastal ar riachtanais agus ar chumais gach foghlaimeora chun a chinntiú go bhfuil ábhair agus straitéisí foghlama LULD inrochtana agus éifeachtach do gach foghlaimeoir.
- Tacaíocht a mhéadú d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu, níos mó tacaíochta duine le duine, measúnuithe síceolaíocha oideachais agus measúnuithe difreáilte a chur ar fáil agus an straitéis LULD á cur chun feidhme.

- Straitéisí a fhorbairt chun feabhas a chur ar scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití leanaí den Lucht Siúil agus leanaí Romacha agus soláthar agus tacaíochtaí saincheaptha a chur ar fáil do leanaí faoi mhíchumas intleachta agus do leanaí atá ar speictream an uathachais.

3.5 Measúnú agus Meastóireacht a Fheabhsú chun Tacú le Foghlaim Níos Fearr

3.5.1 Léargais

Tá measúnú agus meastóireacht lárnach chun eispéireas foghlama ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Is gnéithe riachtanacha iad fianaise a bhailiú faoi cé chomh maith agus atá leanaí agus daoine óga ag foghlaim agus úsáid na faisnéise sin chun na deiseanna foghlama dóibh a fheabhsú chun a chinntiú go ndéanann gach foghlaimeoir dul chun cinn maith maidir le scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a fhorbairt.

I suíomhanna FCLÓ, tá pleanáil agus measúnú maidir le luathfhoghlaim agus luathfhorbairt babaithe agus leanaí óga ríthábhachtach chun eispéiris foghlama ardcháilíochta a sholáthar. Baineann oideoirí luathbhlianta úsáid as modhanna éagsúla chun faisnéis a bhailiú maidir le foghlaim agus forbairt leanaí agus chun an méid sin a dhoiciméadú. Soláthraíonn an fhianaise dhoiciméadach sin pictiúir shaibhre de bhabaithe, agus de leanaí óga mar fhoghlaimeoirí inniúla, agus soláthraíonn sí faisnéis thábhachtach chun cabhrú le hoideoirí pleanáil a dhéanamh d'fhoghlaim bhreise leanaí. Leagann sé sin an bonn le dul ar aghaidh go dtí leibhéal na bunscoile agus ar aghaidh go dtí leibhéal na hiar-bhunscoile.

Chomh maith le tacaíochtaí le haghaidh measúnaithe, d'fhéadfaí tacú le heispéiris teanga, litearthachta agus uimhearthachta leanaí óga atá ag teacht chun cinn trí fhéinmheastóireacht ar leibhéal oideora nó suímh agus trí chigireacht sheachtrach agus tacaíocht ó shuíomhanna agus ó scoileanna. Ar scoil, is féidir ról tábhachtach a bheith ag na bealaí ina n-úsáideann múinteoirí sonraí measúnaithe foghlaimeoirí maidir le feabhas a chur ar fhoghlaim na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Is é/í an foghlaimeoir an duine is tábhachtaí sa phróiseas measúnaithe agus bíonn an measúnú níos éifeachtaí nuair a dhéantar i gcomhpháirtíocht leis/léi é. Trí am rialta a thabhairt do leanaí labhairt faoina gcuid foghlama agus na chéad chéimeanna eile a aithint agus machnamh a dhéanamh orthu, cuirtear lena bhféiniúlacht mar fhoghlaimeoirí.

Gné thábhachtach den chleachtas teagaisc agus foghlama is ea úsáid chuí a bhaint as an measúnú chun foghlama agus as an measúnú ar fhoghlaim. Éilíonn sé sin ráiteas soiléir freisin

ar na torthaí foghlama a mbímid ag súil go mbainfidh leanaí agus daoine óga amach iad ag gach céim den chóras oideachais. Tá tábhacht freisin leis an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an measúnú maidir le tacaíocht a thabhairt d'idirghabhálacha luatha d'fhoghlaimeoirí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.

Tá sé tábhachtach go n-úsáidtear faisnéis mheasúnaithe, lena n-áirítear faisnéis faoin litearthacht, faoin uimhearthacht agus faoin litearthacht dhigiteach, chun bonn eolais a chur faoin bhféinmheastóireacht scoile, faoi chleachtais mhachnamhacha agus faoi phleananna feabhsúcháin scoile.

3.5.2 Moltaí

Tacú le próisis chinnteoireachta

- Tacú le hoideoirí agus múinteoirí luathbhlianta chun leanúint le cinntí a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na straitéise LULD atá bunaithe ar shonraí iontaofa agus cuí a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh tacaíochtaí breise ag teastáil ó phearsanra oideachais sa réimse sin chun a n-inniúlachtaí litearthachta measúnaithe a fheabhsú tuilleadh.
- Tacú le hoideoirí agus múinteoirí luathbhlianta chun úsáid a bhaint as raon cleachtas measúnaithe, atá oiriúnach d'aois agus do chéim an fhoghlaimeora lena bhféadfaí cuir chuige Measúnaithe chun Foghlama, punanna digiteacha agus tástálacha diagnóiseacha a áireamh chun bonn eolais a chur faoi chleachtas teagaisc agus foghlama LULD.
- Measúnú cuí agus ábhartha a chur chun feidhme chun tacú le suíomhanna FCLÓ agus scoileanna chun faireachán a dhéanamh ar a straitéisí cur chun feidhme LULD. Ba cheart go gcuideodh na sonraí arna mbailiú le breithiúnais eolasacha agus le hathruithe ar chuir chuige cur chun feidhme, i gcás inar gá.

Próisis shonraíbhunaithe a ghlacadh chun faireachán a dhéanamh ar an straitéis LULD

- Úsáid a bhaint as cineálacha cur chuige bailithe sonraí atá ann cheana, amhail Féinmheastóireacht Scoile (FMS) agus ábhar treorach a chruthú chun faisnéis a chur san áireamh maidir le húsáid chuí sonraí le haghaidh LULD. D'fhéadfadh an acmhainn sin tacú le gach páirtí leasmhar, go háirithe pearsanra teagaisc agus tacaíochta, agus tuismitheoirí. Thacódh cur chuige den sórt sin freisin le cur chuige iomlánaíoch ar fud na scoile i leith LULD.
- A chinntiú go mbíonn leanaí agus tuismitheoirí ar thús cadhnaíochta i bpróisis faireacháin agus mheastóireachta agus go dtuigeann siad cé na sonraí atá á mbailiú agus conas atá siad á n-úsáid sna próisis chinnteoireachta laistigh de shuíomh FCLÓ nó den scoil.

- I gcás ina bhfuil uirlisí agus ardáin mheasúnaithe dhigitigh (e.g. córais bainistíochta foghlama, néalchórais stórála) á n-úsáid chun sonraí a bhailiú agus a óstáil, ba cheart cloí le prótacail iomchuí.

Uirlisí speisialaithe diagnóiseacha agus faireacháin LULD

- A chinntiú go bhfuil úsáid uirlisí measúnaithe caighdeánaithe agus diagnóiseacha i scoileanna comhréireach, agus go bhfuil na sonraí a bhailítear iontaofa agus bailí, ionas gur féidir iad a úsáid chun cinntí eolasacha LULD a dhéanamh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais mheasúnaithe reatha i scoileanna, go háirithe ról uirlisí measúnaithe diagnóiseacha agus caighdeánaithe, maidir le hinniúlachtaí LULD, d'fhonn bearnaí sa soláthar a shainaithint.
- Nósanna imeachta bailithe sonraí scoile a chinntiú, sonraí a bhailiú faoi gach foghlaimeoir, go háirithe iad siúd ó ghrúpaí mionlaigh nó eitneacha.
- Measúnuithe sonracha a dhearadh don litearthacht Ghaeilge i mbunscoileanna agus, nuair is féidir, cur chuige caighdeánaithe a bhunú maidir le leibhéil litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a mheasúnú. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin uirlisí féinmheastóireachta foghlaimeoirí a chruthú, ionas gur féidir le foghlaimeoirí faireachán a dhéanamh ar a ndul chun cinn féin.
- Pacáiste Measúnaithe EAL do scoileanna a nuashonrú agus leagan digiteach de a fhorbairt.

3.6 Litearthacht Dhigiteach

3.6.1 Léargais

Trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus as na meáin dhigiteacha, cuireadh eolas ar fáil maidir le hathshainiú a dhéanamh ar a bhfuil i gceist le bheith liteartha chun speictream iomlán na litearthachtaí digiteacha a chur san áireamh, lena n-áirítear úsáid na meán sóisialta. Tá ár gcumas an teicneolaíocht a úsáid ag éirí níos riachtanaí i gcónaí chun páirt a ghlacadh i ngach gné den saol, ó shaol na hoibre agus rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí ar líne agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, go dul i dteagmháil le cairde, le teaghlaigh agus leis an tsochaí i gcoitinne.

Tá sé tábhachtach go gcuireann an curaclam, ón mbunscoil go dtí an tsraith shinsearach, iliomad deiseanna ar fáil chun scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt. Tá athchóiriú á dhéanamh ar an gcuraclam cheana féin, rud a chuideoidh lena chinntiú go mbeidh na scileanna litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití is gá ag ár ndaoine óga chun páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí.

Tá ról méadaitheach ag úsáid na foghlama ar líne agus na foghlama cumaisc agus na n-acmhainní digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar an litearthacht, ar an uimhearthacht agus ar an litearthacht dhigiteach. Trí bharr feabhais i gcleachtais teagaisc a chomhcheangal leis an teicneolaíocht, is féidir linn an cuimsiú a chur chun cinn agus na príomhscileanna digiteacha a thabhairt dár leanaí agus dár ndaoine óga a theastaíonn chun a saol a fheabhsú agus a shaibhriú. Beidh úsáid éifeachtach na teicneolaíochta digití atá comhtháite mar chuid gan uaim den chleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe i ngach seomra ranga ríthábhachtach chun í a chur chun feidhme go rathúil.

3.6.2 Moltaí

Soiléireacht a sholáthar maidir lena bhfuil i gceist le litearthacht dhigiteach i suíomhanna FCLÓ agus scoile

- Soiléireacht a sholáthar maidir le ról agus feidhm na litearthachta digití agus an oideachais dhigitigh in FCLÓ, agus treoir maidir le cleachtas.
- Sainmhíniú soiléir agus tacar tuairisceoirí a fhorbairt chun an litearthacht dhigiteach agus an chuma atá uirthi a chur in iúl i ngach ceann de na trí shuíomh: FCLÓ, bunscoile agus iar-bhunscoile. Ba cheart go soiléireofaí leis an sainmhíniú na difríochtaí idir an litearthacht dhigiteach agus an t-oideachas digiteach, atá dírithe ar úsáid na teicneolaíochta digití ar fud an churaclaim.
- Ba cheart grafaicí faisnéise nó áiseanna amhairc eile a úsáid sa straitéis chun aird a tharraingt ar an méid atá comhroinnte idir litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach, ionas go meastar gur scileanna nasctha iad seachas scileanna scoite.

Deiseanna foghlama gairmiúla a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara uile i ndáil leis an litearthacht dhigiteach

- Deiseanna foghlama gairmiúla difreáilte a chur ar fáil don phearsanra oideachais ar fad i ndáil le litearthacht dhigiteach daoine óga a fhorbairt, ionas go bhfuil pearsanra oideachais muiníneach agus inniúil chun na hinniúlachtaí gaolmhara a fhorbairt.

- Cúrsaí oiliúna saor in aisce a thairiscint in Ionaid Oideachais Áitiúla do thuismitheoirí chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhorbairt a leanaí sa litearthacht dhigiteach agus sa tsábháilteacht ar líne.

Litearthacht dhigiteach a leabú i ngach réimse curaclaim, go háirithe i bhfoghlaim teangacha

- Nuair is cuí, teagasc foirmiúil a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí maidir le peirspictíochtaí criticiúla a fhorbairt i ndáil le réimse acmhainní digiteacha a fhoinsiú agus a úsáid. Cuidíonn cuir chuige den sórt sin le foghlaimeoirí a bheith ina dtomhaltóirí criticiúla agus ina n-úsáideoirí ábhair dhigitigh.
- Ba cheart do gach múinteoir deiseanna a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun a scileanna litearthachta digití a fhorbairt ar fud an churaclaim, go háirithe i bhfoghlaim teangacha (i.e., Curaclam Teanga nua na Bunscoile).
- Litearthacht dhigiteach a chur chun cinn i scoileanna lán-Ghaeilge trí chórais oibriúcháin, aipeanna agus bogearraí a chur ar fáil i nGaeilge.

Litearthacht dhigiteach a nascadh le saincheisteanna níos leithne, amhail sábháilteacht agus folláine idirlín

- Feasacht a mhéadú maidir le tionchar na litearthachta digití ar an bhfolláine, trí thacú le foghlaimeoirí a litearthachtaí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid ionas go bhfanfaidh siad sábháilte agus folláin.
- Tús áite a thabhairt d'úsáid shábháilte fhreagrach na dteicneolaíochtaí digiteacha, rud a chinnteoidh go mbeidh rochtain shábháilte ag gach leanbh agus ag gach duine óg ar an litearthacht dhigiteach.
- Aitheantas a thabhairt do ról na dtuismitheoirí maidir le tacú le foghlaim a leanaí agus na hinniúlachtaí digiteacha is gá a sholáthar dóibh. Oideachas a chur ar thuismitheoirí maidir le sábháilteacht ar an idirlíon agus ról a thabhairt don phobal gnó maidir le scileanna digiteacha a fhorbairt.

Comhroinnt dea-chleachtais agus comhoibriú a éascú

- Comhroinnt dea-chleachtas agus comhoibriú idir scoileanna agus suíomhanna FCLÓ a éascú. Áirithítear leis sin leanúnachas cur chuige ar gach leibhéal oideachais, as a dtiocfaidh aistrithe feabhsaithe agus torthaí foghlama níos fearr.
- Pobail scoile a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí grúpa, amhail haiceatóin phobalbhunaithe (i.e. imeachtaí códaithe sóisialta lena dtugtar ríomhchláraitheoirí agus daoine leasmhara eile le chéile chun feabhas a chur ar chlár bogearraí nua nó chun clár bogearraí nua a fhorbairt) inar féidir leo a scileanna litearthachta digití a fhorbairt.